RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2022/1859 ÓN gCOIMISIÚN

an 10 Meitheamh 2022

lena leasaítear na caighdeáin theicniúla chur chun feidhme a leagtar síos i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 1248/2012 a mhéid a bhaineann leis an bhformáid le haghaidh iarratas ar chlárú mar stórtha trádála agus le haghaidh iarratas ar shíneadh a chur le clárú mar stórtha trádála

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 4 Iúil 2012 maidir le díorthaigh thar an gcuntar, contrapháirtithe lárnacha agus stórtha trádála ([1]) agus go háirithe Airteagal 56(4), an ceathrú fomhír de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 1248/2012 ón gCoimisiún ([2]), leagtar síos formáid aonfhoirmeach le haghaidh iarratas ar stórtha trádála a chlárú. Cruthaíodh go raibh úsáid na formáide aonfhoirmí dá bhforáiltear sa Rialachán sin éifeachtúil le haghaidh stórtha trádála chun faisnéis a sholáthar don Údarás Eorpach um Urrúis agus Margaí maidir leis an iarratas ar stór trádála a chlárú. Ós rud é go bhfuil an fhaisnéis atá le soláthar san iarratas ar shíneadh a chur le clárú mar stór trádála cosúil leis an bhfaisnéis choibéiseach atá le soláthar tráth a chuirtear isteach ar chlárú mar stór trádála, tá an fhormáid aonfhoirmeach chéanna oiriúnach le haghaidh an dá iarratas.

(2) I gcomhréir le Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 150/2013 ón gCoimisiún ([3]), i gcás ina measfaidh stór trádála is iarratasóir nach infheidhme ceanglas den Rialachán sin maidir leis, ní mór dó an ceanglas sin a thabhairt le fios go soiléir ina iarratas agus míniú a sholáthar ar an gcúis nach infheidhme ceanglas den sórt sin. Ba cheart na ceanglais agus na mínithe sin a shainaithint go soiléir san iarratas ar chlárú nó ar shíneadh a chur le clárú mar stórtha trádála. Ba cheart tagairtí do Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 150/2013 a chur in ionad tagairtí don ghníomh tarmligthe maidir le caighdeáin theicniúla rialála lena sonraítear mionsonraí an iarratais ar stórtha trádála a chlárú i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 1248/2012 dá bhrí sin.

(3) Ba cheart, dá bhrí sin, Rialachán Cur Chun Feidhme(AE) Uimh. 1248/2012 a leasú dá réir sin.

(4) Tá an Rialachán seo bunaithe ar na dréachtchaighdeáin theicniúla chur chun feidhme arna gcur faoi bhráid an Choimisiúin ag an Údarás Eorpach um Urrúis agus Margaí. Reáchtáil ESMA comhairliúcháin phoiblí oscailte maidir le forálacha na ndréachtchaighdeán teicniúil cur chun feidhme ar a bhfuil an Rialachán seo bunaithe, rinne sé anailís ar na costais agus ar na tairbhí gaolmhara féideartha, agus d'iarr sé comhairle ar an nGrúpa Geallsealbhóirí um Urrúis agus Margaí arna bhunú i gcomhréir le hAirteagal 37 de Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([4]),

([1]) IO L 201, 27.7.2012, lch. 1.

([2]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 1248/2012 ón gCoimisiún an 19 Nollaig 2012 lena leagtar síos caighdeáin theicniúla chur chun feidhme maidir le formáid iarratas chun stórtha trádála a chlárú de réir Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le díorthaigh thar an gcuntar, contrapháirtithe lárnacha agus stórtha trádála (IO L 352, 21.12.2012, lch. 30).

([3]) Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 150/2013 ón gCoimisiún an 19 Nollaig 2012 lena bhforlíontar Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le díorthaigh thar an gcuntar, contrapháirtithe lárnacha agus stórtha trádála i dtaca le caighdeáin theicniúla rialála lena sonraítear mionsonraí an iarratais ar chlárú mar stór trádála (IO L 52, 23.2.2013, lch. 25).

([4]) Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Samhain 2010 lena mbunaítear Údarás Maoirseachta Eorpach (an tÚdarás Eorpach um Urrúis agus Margaí), lena leasaítear Cinneadh Uimh. 716/2009/CE agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2009/77/CE ón gCoimisiún (IO L 331, 15.12.2010, lch. 84).

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 1248/2012 mar a leanas:

(1) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 1:

"*Airteagal 1*

Formáid an iarratais

1. Cuirfear iarratais ar chlárú mar stór trádála agus iarratais ar shíneadh a chur le clárú mar stór trádála isteach san fhormáid a leagtar amach san Iarscríbhinn.

2. Leis an stór trádála tabharfar uimhir thagartha uathúil do gach doiciméad arna chur isteach aige agus sainaithneofar leis go soiléir an ceanglas sonrach a leagtar síos i Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 150/2013 ón gCoimisiún (*) dá dtagraíonn an doiciméad.

3. I gcás nach gcuirfear faisnéis isteach leis an stór trádála a bhaineann le ceanglas sonrach a leagtar síos i Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 150/2013, sonrófar san iarratas ar chlárú mar stór trádála nó san iarratas ar shíneadh a chur le clárú mar stór trádála, de réir mar is infheidhme, na cúiseanna nár cuireadh faisnéis den sórt sin isteach.

4. Cuirfear iarratais ar chlárú mar stór trádála agus iarratais ar shíneadh a chur le clárú mar stór trádála isteach i meán marthanach mar a shainítear in Airteagal 2, mír (1), pointe (m), de Threoir 2009/65/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (**).

(*) Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 150/2013 ón gCoimisiún an 19 Nollaig 2012 lena bhforlíontar Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le díorthaigh thar an gcuntar, contrapháirtithe lárnacha agus stórtha trádála i dtaca le caighdeáin theicniúla rialála lena sonraítear mionsonraí an iarratais ar chlárú mar stór trádála (IO L 52, 23.2.2013, lch. 25).

(**) Treoir 2009/65/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Iúil 2009 maidir le dlíthe, rialacháin agus forálacha riaracháin a bhaineann le gnóthais le haghaidh comhinfheistíochta in urrúis inaistrithe (GCUI) a chomhordú (IO L 302, 17.11.2009, lch. 32).";

(2) déantar an Iarscríbhinn a leasú i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 10 Meitheamh 2022.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN

Leasaítear an Iarscríbhinn mar a leanas:

(1) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an teidil:

"**FORMÁID LE hAGHAIDH IARRATAS AR CHLÁRÚ MAR STÓR TRÁDÁLA AGUS LE hAGHAIDH IARRATAS AR SHÍNEADH AR CHLÁRÚ MAR STÓR TRÁDÁLA**".

(2) sa dara tábla, cuirtear an méid a leanas in ionad an cheannteidil:

"TAGAIRTÍ DOICIMÉID"

(3) sa dara tábla, cuirtear an méid a leanas in ionad an cheannteidil sa chéad cholún:

"Airteagal de Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 150/2013 ón gCoimisiún**"**.